

Nollaig Shona ó Chomhlúadar Luimnigh




www.ComhlúadarLuimnigh.ie

Oifigeach Forbartha na Gaeilge,

Ava - 089 4106637

eolas@comhlúadarluimnigh.ie



Pobal do **dhaoine**

fásta ar WhatsApp

Lean an cainéal **Déagóirí** Chomhlúadar Luimnigh ar WhatsApp:

<https://whatsapp.com/channel/0029VavzIcn47XeKqIry361c>

Bualadh Bos <https://www.youtube.com/watch?v=yv4sK6DVzsU&t=107s>

Tá an Nollaig buailte linn, tá áthas in san aer
Tá sneachta ar an talamh, tá réaltóga sa spéir
Táimid ag dul a chodladh, 's tá ár stocaí réidh
Tá San Nioclás ag teacht anocht, anuas an simléar

Curfá:

Ó, bualadh bos, bualadh bos, bualadh bos go léir
Tá San Nioclás ag teacht anocht, anuas an simléar x2

A Dhaidí brostaigh ort, is cuir do mhála síos
Líon suas an stoca beag, le féiríní arís
Is mithid duit imeacht suas an simléar
Tá páistí beaga ag feitheamh ort, i ngach aon áit faoin spéir

Cé hÉ an Leabhbh Aoibhinn?/Sa Stábla sa Mháinséar (Away in a Manger)

Cé hÉ an leabhbh aoibhinn sa mháinséar ina luí,
Cé leis É ? Nach deas É ? An leabhbh beag chaoil
Sé Íosa an leabhbh aoibhinn, ina luí sa mháinséar
Is liomsa, 'gus is leatsa, Rí na Ríthe, Mac Dé

Sa stábla, sa mháinséar, tá naíonán 'na luí,
An naíonán beag Íosa 'bhéas fós linn mar rí.
Tá réaltaí ag soilsiú go hard insan spéir,
Ar an leabhbh beag Íosa ina luí sa mháinséar.

Tá ciúnas mór thimpeall; tá draíocht san aer!
Tá aoibhneas is áthas ar an domhan go léir.
Tá Aingil na bhFlaithis ag síor-mholadh Dé.
Ard-mholadh d'Íosa, don leabhbh beag glé.

Bí linne, a Íosa; bí linne go deo.
Bí linne san oíche; bí linne sa ló.
Tabhair grá do do pháistí; tabhair grá dúinn go síor.
Agus bímis dílis; bímis dílis go fíor.

An Drumadóirín (Drummer Boy)

Tar a deir siad pa rum pa pum pum
Go bhfeicfidimid an Rí pa rum pa pum pum
Ár dtogha 's ár rogha againn pa rum pa pum pum
Le cur i lámh an Rí pa rum pa pum pum rum pa pum pum rum pa pum pum
Ómós cuí dár Rí pa rum pa pum pumAr ár son.

Naíon beag gléigeal pa rum...
Is buachaill bocht mé féin pa rum...
Níl féirín ceart agam pa rum...
Is fiú a thabhairt dár Rí pa rum...
Déanfadh ceolta duit pa rum pa pum pumAr an drum

D'umhlaigh Muire pa rum...
Bhuaile bó is uan an t-am pa rum...
Bhuaileas mo bhodhrán dó pa rum...
Bhuaileas go cumasach pa rum...
Gháir sé liom fé rún pa rum pa pum pum
Is lem' drum



An Fear Sneachta (Frosty the Snowman)

Ó seo ár fear sneachta
nach álainn an radharc é
lena hata mór agus cota donn
agus píopa ina bhéal

Ó seo an fear sneachta
nach álainn an radharc é
mar lá amháin i bhfad ó shoin
an gcreidfeá shiúil sé

Ó seo ár fear sneachta
Nach álainn an radharc é
Lena hata mór agus cota donn
agus píopa ina bhéal

Síos leis an mbaile beag
Ó nach aige bhí an spraoí
Bhí na gasúir óg, ag rith 'na dhiaidh
ag iarraidh hata buí.



Oíche chiúin (Silent Night)

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Cách 'na suan dís araon,
Dís is dílse 'faire le spéis
Naoín beag gnaoigheal ceananntais caomh
Críost, 'na chodladh go séimh.
Críost, 'na chodladh go séimh.

Oíche chiúin, oíche Mhic Dé,
Aoirí ar dtús chuala 'n scéal;
Allelúia aingeal ag glaoch.
Cantain suairc i ngar is i gcéin
Críost an Slánaitheoir Féin
Críost an Slánaitheoir Féin

Rudolph an Fia Rua (Rudolf the Red-Nosed Reindeer)

Rudolf an fia rua, bhí loinnir ar a shrón chomh maith,
 Agus dá bhfeicfeá ariamh é, déarfá linn go raibh sé geal.
 Bhíodh na fianna eile ag magadh is ag gáire faoi,
 Ní ligeadh siad 'riamh do Rudolf, páirt a ghlacadh i gcluichí.

Oíche Nollag, cheomhar, bhán, tháinig San Nioclás;
 "Rudolf ,le do shrón gheal ghlé,
 An rachaidh tú ós comhair mo shlé?"
 Bhí grá ag na fianna eile dó, is bhéic siad amach ós ard;
 "Rudolf, an Fia rua, nach ortsa bhéas an clú is cáil!!"

Tá Daidí na Nollag ag Teach (Santa Claus is coming to town)

Ó bígí go maith, go hiontach gach lá,
 Teigí a chodladh, tá 's agaibh cén fáth,
 Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.

Tá liosta aige, déanta faoi dhó,
 Is faigheann sé amach cé bhíonn dána, gan stró,
 Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.

Bíonn sé ag féachaint ortsa,
 Ag éisteacht leat gach lá,
 Is muna mbíonn tú dána,
 Beidh gach aon rud go breá.

Ó bígí go maith, go hiontach gach lá,
 Teigí a chodladh, tá 's agaibh cén fáth.
 Tá Daidí na Nollag ag teacht go luath.



Tuilleadh amhráin ar

- https://www.youtube.com/watch?v=x7K30sYsbxE&list=OLAK5uy_nfEc0A-1gNbdZWS-9YhPOoaHCqN7ovuvk Róisín Elsafty & Rónan Browne
- https://www.youtube.com/watch?v=bGGDpjg-ONM&list=RDbGGDpjg-ONM&start_radio=1
- <https://www.youtube.com/watch?app=desktop&v=tJ98ZNd3o3A>
- <https://youtu.be/rZN9IpGE6mI?si=2K1PkCI8ov18EKmr>
- <https://una.ie/amhrain-nollag-as-gaeilge/> sampla - <http://una.ie/fear-beag-ramhar/>